# An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2007

Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis
**Coláiste Olllscoile Bhaile Átha Cliath**

# Tuarascáil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2007

**An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre**
**Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis**
**Ionad Eolaíocht Sláinte**
**Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath**
**Belfield**
**Baile Átha Cliath 4**
**Éire**

**Tel: (01) 7165555**
**Fax: (01) 7165511**

## Clár Ábhair

| | | Leathanach: |
|---|---|---|
| BUNÚ AGUS FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE | | 1 |
| GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE | | 2 |
| 1. | Anailís ar Alcóil san Fhuil agus san Fhual | 2 |
| 1.1 | Líon na n-eiseamal a Soláthraíodh in Ospidéil | 2 |
| 1.2 | Anailís ar Am | 2 |
| 1.3 | Meánleibhéil Alcóil in Eiseamail Fola agus Fuail | 2 |
| 1.4 | Dhá Uair os cionn an Teorainn Dhlíthiúil | 3 |
| 1.5 | Leibhéil Alcóil in Eiseamail Fola agus Fuail | 3 |
| 2. | Anailís ar Alcóil san Anáil | 8 |
| 2.1 | Suiteáil Ionstraimí | 8 |
| 2.2 | Tástáil agus Cuairteanna chuig Stáisiúin Ghardaí | 8 |
| 2.3 | Oiliúint ar Thástáil Anála Fhianaiseach | 8 |
| 2.4 | Meánleibhéal Alcóil san Anáil | 8 |
| 2.5 | Dhá Uair os cionn an Teorainn Dhlíthiúil | 8 |
| 2.6 | Scáileáil Thaobh an Bhóthair ar Alcól san Anáil | 8 |
| 2.7 | Anailís ar Eiseamail Anála | 9 |
| 3. | Anailís ar Dhrugaí san Fhuil agus san Fhual | 11 |
| 3.1 | Torthaí ar an Anailís do Dhrugaí | 12 |
| 4. | Seirbhísí Gairmiúla Saineolais agus Freastal Cúirte | 12 |
| COMHALTAS COISTÍ A BHAINEANN LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE | | 13 |
| COMHDHÁLACHA, CÚRSAÍ AGUS CRUINNUITHE A RINNE COMHALTAÍ FOIRNE FREASTAL ORTHU IN 2007 | | 13 |
| CEAPACHÁN FOIRNE IN 2007 | | 15 |
| RIALACHAS CORPARÁIDEACH | | 15 |
| 1. | Comhlíonadh | 15 |
| 2. | Comhaltas agus Cruinnithe an Bhiúró | 15 |
| 3. | Leasanna an Bhoird | 16 |
| 4. | Coiste Iniúchadh | 16 |
| 5. | Soláthar | 16 |
| AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS 1997 | | 16 |
| SAORÁIL FÁISNÉISE | | 17 |
| ATHLONNÚ AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁILTEACHT AR BHÓITHRE | | 17 |

## BUNÚ AGUS FEIDHMEANNA AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Is é an An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre atá freagrach maidir le tástáil cheimiceach ar deocha meisciúla i dtiomáint in Éirinn. Is comhlacht corparáideach é a bhunaigh an tAire Rialtais Áitiúil i mí na Samhna 1968 faoi Cuid V den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968. Athraíodh teideal an Aire go dtí Aire Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil an 22ú Iúil 1997. I mí an Mheithimh 2002 tháinig An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi chúram an Aire Iompair i ndiaidh aistriú an Ordú Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire 2002.

Tá feidhmeanna an Bhiúró leagtha síos in Achtanna um Thrácht ar Bhóithre 1968-2007 agus a gcuid rialacháin agus áirítear orthu sin:

1 Fáil agus anailís do deocha meisciúla de eiseamail fola agus fuail curtha ar aghaidh chuig an Bhiúró.
2 An tsaincheist maidir le teastas anailíse.
3 Soláthar ar threalamh do thógáil nó soláthar eiseamail fola agus fuail.
4 Faomhadh, soláthar agus tástáil ar threalamh nó ar ghaireas chun láithreacht alcól san anáil a chinneadh.
5 Faomhadh, soláthar agus tástáil ar threalamh nó ar ghaireas chun láithreacht alcól san anáil a chinneadh.
6 Taighde ar ólachán agus drugaí maidir le tiomáint, lena n-áirítear modhanna chun an líon alcóil nó drugaí i gcolainn duine a chinneadh agus an eipidéimeolaíocht maidir le tiomáint faoi thionchar deocha meisciúla.

Faigheann an Biúró airgead ó Dheontas Bliaintúil as an Vóta don Roinn Iompair. Ceapann an tAire Iompair an Bord atá comhdhéanta de chúig chomhalta (lena n-áirítear an Stiúrthóir). Is iad seo a leanas comhaltaí an Bhoird reatha, An tOllamh Cecily Kelleher (Cathaoirleach), An tOllamh Denis. A CSAMck (Stiúrthóir), Mr. Declan Hayes, Mr Philip Joyce agus an Dr. Niall McNamara.

Baineann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre úsáid as an áitreamh agus an fhoireann a sholáthraítear faoin gcomhaontú le UCD, an Scoil Liachta agus Eolaíocht Liachta, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2.
Faoi láthair fostaíonn an Biúró Ceann Anailísí amháin, triúr Príomh Anailísí, Anailísí Sinsearach amháin, ochtar Anailísí, Teicneoir sinsearach amháin, Freastalaí Saotharlainne amháin, Oifigeach Riaracháin Sinsearach amháin agus ceathrar Foireann Riaracháin. Tá bunchéimeanna ag na hAnailísí agus tá cáilíochtaí iarchéime ag formhór acu. Tá an Stiúrthóir freagrach as bainistiú lá go lá An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

In 2007 déanamh anailís ar 20,204 eiseamail fola, fuail agus anála do thiúchan alcóil. Léiríonn sé sin árdú 7.5% de líon iomlán na n-eiseamail a rinneadh anailís orthu i rith 2006. Léiríonn Cairt 1 an briseadh síos ar na heiseamail fola, fuail agus anála ar fad a rinneadh anailís orthu i rith 2007 agus sa tréimhse deich mbliana roimhe sin. Rinneadh anailís ar 1,155do láithreacht dhrugaí agus léiríonn sé sin árdú de 31.7% ar 2006.

Tá gníomhaíochtaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre don tuarascáil seo rangaithe sna cúig príomhchlár seo a leanas:

1. **Anailís ar Alcóil san Fhuil agus san Fhual**
2. **Anailís ar Alcóil san Anáil**
3. **Anailís ar Dhrugaí san Fhuil agus san Fhual**
4. **Taighde – Tiomáint faoi Thionchar deocha meisciúla**
5. **Seirbhísí Saineolaí Gairmiúila agus Freastal ar Chúirt**

Seo a leanas an briseadh síos:

### 1. Anailís ar Alcóil san Fhuil agus san bhFual

Fuarthas líon iomlán de 5,826 eiseamail fola agus fuail i gcomhair anailíse i rith 2007. Rinneadh anailísí agus eisíodh teastais i 5,711 de na cásanna sin. I 151 (2.6%) cás níor eisíodh teastais mar gheall ar fhabht in eiseamal éigin nó sa doiciméadú a bhí ag gabháil leis. Léiríonn líon na eiseamail fola agus fuail a fuarthas in 2007 árdú de 16.4% ar an líon a fuarthas i rith 2006.

### 1.1 Líon na n-eiseamal a Soláthraíodh in Ospidéil

In 2007 soláthraíodh 292 eiseamal in ospidéil, léirionn sé sin árdú de 10.6% ar 2006. Bhí tiúchain alcóil de os cionn 150mg/100ml folal nó 200mg/100ml fuáil ag 25% acu sin agus bhí os cionn 200mg/100ml fola nó 267mg/100ml fuáil ag 19% acu.

### 1.2 Anailís ar Am

As an líon iomlán eiseamal fola agus fuail a fuarthas, soláthraíodh 75% acu idir 9.00 p.m. agus 6.00 a.m., 12% idir 4.00 p.m. agus 9.00 p.m., agus an 13% eile idir 6.00 a.m. agus 4.00 p.m.  Leanann sé sin patrún comhchosúil le 2006 agus 2005.

### 1.3 Meánleibhéil Alcóil in Eiseamail Fola agus Fuail

Bhí an meánleibhéil alcóil san fhuil 137mg/100ml.
Bhí an meánleibhéil alcóil san fhual 155mg/100ml.


## 1.4 Dhá Uair os cionn an Teorainn Dhlíthiúil

I rith 2007 deimhníodh 2,176 eiseamal a bhí dhá uair os cionn an teorainn dhlíthiúil. Léiríonn an figiúr sin 38% de líon na n-eiseamal a deimhníodh.


## 1.5 Leibhéil Alcóil in Eiseamail Fola agus Fuail

Tugann Táblaí I and II don tuarascáil seo briseadh síos ar tiúchain alcóil in eiseamail fola agus fuail a fuarthas in 2007. Déanann Táblaí III and IV comparáid idir na leibhéil fola agus fuail leis na blianta roimhe sin. Tagraíonn Cairteanna 2 agus 3 le Táblaí I agus II agus Cairteanna 4 and 5 le Táblaí III agus IV faoi seach. Tugadh isteach Tástáil Alcóil Shainordaitheach i mí Iúil 2007.


**CAIRT 1**
**Líon na Eiseamail andearna an M.B.R.S**
**Anailís orthu sa tréimhse 10 mbliana**
**1997 - 2007**



**CAIRT 2**
**CION ALCÓIL DEIMHNITHE D'EASEAMAIL FOLA A FUARTHAS IN 2007**




**CAIRT 3**
**CION ALCÓIL DEIMHNITHE D'EASEAMAIL FUAIL A FUARTHAS IN 2007**




## TÁBLA I
## CION ALCÓIL DEIMHNITHE D'EISEAMAIL FOLA A FUARTHAS IN 2007

| Mg. Alcóil in aghaidh 100ml Fola | Céad Ráithe | Dara Ráithe | Tríú Ráithe | Ceathrú Ráithe | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| 0 – 80 | 149 | 196 | 238 | 217 | 800 |
| **TEORAINN DHLÍTHIÚIL** | | | | | |
| 81 - 100 | 48 | 48 | 78 | 70 | 244 |
| 101 - 150 | 162 | 171 | 197 | 163 | 693 |
| 151 - 200 | 172 | 190 | 229 | 212 | 803 |
| 201 & Os a chionn | 155 | 182 | 202 | 215 | 754 |


## TÁBLA II
## CION ALCÓIL DEIMHNITHE D'EISEAMAIL FUAIL A FUARTHAS IN 2007

| Mg. Alcóil in aghaidh 100ml Fuail | Céad Ráithe | Dara Ráithe | Tríú Ráithe | Ceathrú Ráithe | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| 0 - 107 | 158 | 204 | 211 | 218 | 791 |
| **TEORAINN DHLÍTHIÚIL** | | | | | |
| 108 - 135 | 37 | 42 | 67 | 53 | 199 |
| 136 - 200 | 103 | 114 | 159 | 138 | 514 |
| 201 - 267 | 81 | 144 | 164 | 140 | 529 |
| 268 & Os a chionn | 80 | 106 | 104 | 94 | 384 |

## CAIRT 4
## LEIBHÉIL ALCÓIL SAN FHUIL LE BLIANTA ROIMHE SEO
## Mg Alcóil in aghaidh 100ml fola




## CAIRT 5
## LEIBHÉIL ALCÓIL SAN FHUAL LE BLIANTA ROIMHE SEO
## Mg Alcóil in aghaidh 100ml fuail



## TÁBLA III
## LEIBHÉAL ALCÓIL SAN FHUIL – COMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SEO

| Mg. Alcóil In aghaidh 100ml Fola | 2007 | | 2006 | | Tréimhse 5 Bliana 2001-2005 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimh. | % | Uimh. | % | Uimh. | % |
| 0 - 80 | 800 | 24.3 | 532 | 18.4 | 1,261 | 10.4 |
| **Teorainn Dhlíthiúil** | | | | | | |
| 81 - 100 | 244 | 7.4 | 216 | 7.5 | 587 | 4.8 |
| 101 - 150 | 693 | 21.0 | 586 | 20.3 | 2,393 | 19.6 |
| 151 - 200 | 803 | 24.4 | 784 | 27.1 | 3,515 | 28.9 |
| 201 & Os a Chionn | 754 | 22.9 | 773 | 26.7 | 4,428 | 36.3 |

## TÁBLA IV
## LEIBHÉAL ALCÓIL SAN FHUAL – COMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SEO

| Mg. Alcóil In aghaidh 100ml Fuail | 2007 | | 2006 | | Tréimhse 5 Bliana 2001-2005 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimh. | % | Uimh. | % | Uimh. | % |
| 0 - 107 | 791 | 32.7 | 498 | 24.7 | 1,195 | 14.7 |
| **Teorainn Dhlíthiúil** | | | | | | |
| 108 - 135 | 199 | 8.2 | 166 | 8.2 | 545 | 6.7 |
| 136 - 200 | 514 | 21.3 | 452 | 22.4 | 1,862 | 22.8 |
| 201 - 267 | 529 | 21.9 | 533 | 26.5 | 2,493 | 30.6 |
| 268 & Os a chionn | 384 | 15.9 | 366 | 18.2 | 2,050 | 25.2 |

## 2. Anailís ar Alcóil san Anáil

In 2007 tógadh 14,342 eiseamal anála i Stáisiúin Ghardaí, sin árdú de 4.25% ar 2006. Deimhníodh 13,081 de na heiseamail eile; bhí 76.2% os cionn an teorainn dhlíthiúil. As an líon iomlán tástálacha anála a cláraíodh, ní raibh ráiteas mar thoradh ar 1,261 tástáil faoi Alt Section 17 den Acht um Thrácht ar Bhóithre a soláthraíodh.

### 2.1 Suiteáil Ionstraimí

Tá líon na nIonstraimí a suiteáileadh i Stáisiúin Ghardaí ar fud na tíre fós ag 64.

### 2.2 Tástáil agus Cuairteanna chuig Stáisiúin Ghardaí

Thug eolaithe an Bhiúró cuairt ar Stáisiúin Ghardaí agus thástáil siad gach ionstraim a bhí súiteáilte roimhe seo ar dhá ócáid ar an laghad i rith 2007. Tá os cionn 190 cuairt tugtha ag eolaithe an Bhiúró chuig suímh ionstraime EBT ar fud na tíre i rith na bliama. Chlúdaigh na cuairteann sin tástáil, cothabháil ag ordaithe ón gcuairt iniúchtaí.

### 2.3 Oiliúint ar Thástáil Anála Fhianaiseach

Lean an cúrsa oiliúna EBT dhá-lá a chuireann oiliúint ar fáil do Oibritheoirí agus Maoirseoirí ar aghaidh i rith 2002. Bhí na cúrsaí oiliúna faoi stiúr eolaí on Bhiúró agus comhalta de chuid scoil oiliúna inseirbhíse an Gharda Síochána ag Cearnóg Harcourt.

Seo a leanas na cúrsaí oiliúna a tionóladh i rith 2007:

- 23 Cúrsa Oiliúna d'Oibritheoirí
- 7 Cúrsa Oiliúna do Mhaoirseoirí

### 2.4 Meánleibhéal Alcóil san Anáil

Bhí an meánleibhéal alcóil san anáil 53μg/100ml.

### 2.5 Dhá Uair os cionn an Teorainn Dhlíthiúil

Bhí 23.9% de líon na n-eiseamal a soláthraíodh dhá uair os cionn an teorainn dhlíthiúil.

### 2.6 Scáileáil Thaobh an Bhóthair ar Alcól san Anáil

Soláthar an Biúró do na Gardaí 215 gairis leictreonach thaobh an bhóthair Draeger 6510 i rith 2007 agus lean siad de bheith ag tacú le 412 de na gairis sin a eisíodh in 2005 agus 2006.

Lean an Biúró chomh maith de bheith ag eisiúnt gairis mála séidte Draeger Alcotest 80A.


## 2.7 Anailís ar Eiseamail Anála

Thug Cairt 6 briseadh síos ar na Leibhéil Alcóil a tomhasadh san anáil i rith 2007. Déanann Tábla VI comparáid idir na leibhéil alcóil in eiseamail anála a fuarthas in 2007 agus an leibhéil a fuarthas in 2006.

### TÁBLA V
### CION ALCÓIL DEIMHNITHE D'EISEAMAIL ANÁLA A TUGADH IN 2007

| Mg. Alcóil in aghaidh 100ml Anála | Céad Ráithe | Dara Ráithe | Tríú Ráithe | Ceathrú Ráithe | IOMLÁN |
|---|---|---|---|---|---|
| 0 - 35 | 737 | 847 | 745 | 784 | 3,113 |
| **TEORAINN DHLÍTHIÚIL** | | | | | |
| 36 – 44 | 452 | 421 | 414 | 443 | 1,730 |
| 45 – 66 | 1,201 | 1,117 | 971 | 1,122 | 4,411 |
| 67 – 88 | 760 | 648 | 662 | 696 | 2,766 |
| 88 & os a chionn | 249 | 281 | 283 | 248 | 1,061 |

## Cairt 6
## CION ALCÓIL DEIMHNITHE D'EISEAMAIL a rinneadh ANAILÍS ORTHU IN 2007




## TÁBLA VI
## LEIBHÉAL ALCÓIL SAN ANÁIL – COMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SEO

| µg Alcóil in aghaidh 100ml Anála | 2007 | | 2006 | | Tréimhse 5 Bliana 2001– 2005 | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | Uimh. | % | Uimh. | % | Uimh. | % |
| 0 – 35 | 3,113 | 23.8 | 2,900 | 23.3 | 6,941 | 19.1 |
| TEORAINN DHLÍTHIÚIL | | | | | | |
| 36 – 44 | 1,730 | 13.2 | 1,582 | 12.7 | 3,458 | 9.5 |
| 45 – 66 | 4,411 | 3.7 | 4,187 | 3.7 | 12,540 | 34.5 |
| 67 – 88 | 2,766 | 21.2 | 2,774 | 22.3 | 9,696 | 26.6 |
| 88 & Os a Chionn | 1,061 | 8.1 | 994 | 8.0 | 3,753 | 10.3 |

## TÁBLA VII
## LEIBHÉAL ALCÓIL SAN FHUAL – COMPARÁID LE BLIANTA ROIMHE SEO

| Cion Alcóil | | | 2007 | | 2006 | | Tréimhse 5 Bliana 2001– 2005 | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| FUIL mg/100ml | FUAL mg/100ml | ANÁIL µg/100ml | Uimh. | % | Uimh. | % | Uimh. | % |
| 0 – 80 | 0 – 107 | 0 – 35 | 4,704 | 25.0 | 3,930 | 22.7 | 9,397 | 16.6 |
| TEORAINN DHLÍTHIÚIL | | | | | | | | |
| 81-100 | 108 – 135 | 36 – 44 | 2,173 | 11.6 | 1,964 | 11.3 | 4.590 | 8.1 |
| 101 – 150 | 136 – 200 | 45 – 66 | 5,618 | 29.9 | 5,225 | 30.1 | 16,796 | 29.6 |
| 151 – 200 | 201 – 267 | 67 – 88 | 4,098 | 21.8 | 4,091 | 23.6 | 15,703 | 27.7 |
| 201 agus níos mó | 268 agus níos mó | 88 agus níos mó | 2,199 | 11.7 | 2,133 | 12.3 | 10,231 | 18.0 |

Léiríonn Tábla VII an comparáid idir 2007 and 2006 maidir le torthaí deimhnithe ar eiseamail fola, fuail agus anála a fuarthas i gcomhair anailíse. Seo an seachtú bliain gur féidir comparáid a dhéanamh sa réimse Tástáil Anála Fhianaiseach ó tugadh isteach é go déanach i 1999.

### 3. Anailís ar Dhrugaí san Fhuil agus san Fhual

Lean an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre le hanailís ar eiseamail ag lorg láithreacht seacht gcineál drugaí nó ranganna drugaí ag baint úsáid as teicníc imdhíonachta (ELISA):

In 2007, fuarthas 1,155 eiseamail i gcomhair anailís ar dhrugaí. Rinneadh tástálacha ar eiseamail tested ag lorg láithreacht dhrughaí lena n-áirítear 226 eiseamail a fuarthas go déanach in 2006. Seo ardú de 25.8% ar líon na n-eiseamal do DUID a rinneadh tástáil orthu in 2006. Áiríodh na heiseamail ar fad a fuarthas a bhí faoi an teorainn dhlíthiúil alcóil agus 107 eiseamail ina raibh an leibhéal alcóil os cionn an teorainn dhlíthiúil agus d'iarr na Gardaí go ndéanfaí anailís do dhrugaí.

Chomh maith le sin bhí 14 eiseamail ar a rinneadh tástáil anála fhianaiseach alcóil agus d'iarr na Gardaí go ndéanfaí anailís do dhrugaí.

## 3.1 Torthaí ar an Anailís do Dhrugaí


Bhí 952 de na heiseamail dearfach ó thaobh dhrugaí (82.4% of eiseamail a rinneadh anailís orthu) and fuarthas 202 eiseamail diúltach do láithreacht dhrugaí (17.5%). Bhí eiseamal amháin neamhdhóthanach chun anailís a dhéanamh air.

Cuireadh na heiseamail a fuarthas dearfach ar aghaidh chuig Saotharlann Cheimiceoir an Rialtais (LGC) i gcomhair anailís dheimhniúcháin.

Fuarthas 887 eiseamail dearfach (93% de na heiseamail a cuireadh chuig an Saotharlann). 77% de líon iomlán na n-eiseamail a rinneadh anailís orthu ag lorg láithreacht dhrugaí), níor deimhníodh 64 (6.7% de na heiseamail a cuireadh chuig an LGC) agus bhí ceann amháin neamhdhóthanach chun anailís a dhéanamh air.

Soláthraíonn Cairt 7 achoimre ar an anailís dhrugaí do 2007.

**Cairt 7**
**ACHOIMRE AR AN ANAILÍS DHRUGAÍ 2007**




## 4. Seirbhísí Gairmiúla Saineolais agus Freastal Cúirte

Bhí ar chomhaltaí éagsúla ó fhoireann mBiúró fianaise shaineolach ghairimiúil a sholáthar i gcásanna cúirte fiche naoi uair i rith na bliana, as a raibh ceithre cinn acu bainteach le hanailís fola agus fuail. Ba dúshláin dlí iad fiche dó acu a bhí bainteach le tástáil anála fhianaiseach agus trí cinn bainteach le anailís ar dhrugaí.
Bhí comhaltaí ón bhfoireann ar aire ar roinnt ócáidí chun freastal ar an gcúirt ach ní raibh gá leis sin.

Leanann and Biúró de bheith ag soláthar tacaíocht shaineolach ghairimiúil neamhspleách chun theacht i gcabhair ar na cúirteanna maidir le riarachán choiriúla. Bhí lion na gceisteanna agus na n-iarratas ar eolas ó pháirtithe in imeachtaí coiriúla mórán den sórt céanna agus a bhí in 2006.

## COMHALTAS COISTÍ A BHAINEANN LE SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Tá an Stiúrthóir mar chomhalta ar an bpainéal comhairleach d'Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus d'fhreastal sé ar na trí chruinniú a tionóladh i rith 2007 ar 19 Meitheamh, 10 Meán Fómhair agus 4 Nollaig.

## COMHDHÁLACHA, CÚRSAÍ AGUS CRUINNUITHE A RINNE COMHALTAÍ FOIRNE FREASTAL ORTHU IN 2007:

1. D'fhreastal Ceann Anailísí ar chruinniú de chuid Fhóram Custaiméara Sheirbhíse Cúirte leathlae an 5 Márta 2007 in Óstán Park-Inn, Margadh na Feirme, Baile Átha Cliath.

2. D'fhreastal Príomh Anailísí ar chúrsa oiliúna do Theagascóirí dhá lá de chuid Draeger 14 agus 15 Márta 2007 in Óstán an Abbey Court, An tAonach, Co. Thiobraid Árann.

3. D'fhreastal Príomh Anailísí ar chruinniú trí lá CEN BT/TF 150 ar gairis Scáilithe Anála ón 23 go dtí 25 Aibreán 2007 in AFNOR, 11 Rue France De Pressense, Saint-Denis, Parás, An Fhrainc.

3. D'fhreastal Anailísí ar chomhdháil Cumann Idirnáisiúnta tástála cheim-iceach i Wilmington, NC, SAM ar feadh 5 lá ón 6ú go dtí 10 Bealtaine 2007.

5. D'fhreastal Anailísí ar chúrsa Robert F. Borkenstein ar Shábháilteacht Alcóil, Dhrugaí agus Mhórbhealaigh: Táistáil, Taighde agus Dlíthíocht ar feadh 6 lá ón 6ú go dtí an 11 Márta 2007 in Ollscoil Indiana, Bloomington, Indiana, SAM.

6. D'fhreastal Anailísí a three day Evidential Breath Alcohol Testing training course in Harcourt Square, Baile Átha Cliath from 23rd to 25th May 2007.

7. D'fhreastal Anailísí ar chúrsa oiliúla d'iniúchóirí inmheánacha an ISO 9001:2000 ar feadh dhá lá ar 29 agus 30 Bealtaine 2007 san NSAI, Glas Naíon, Baile Átha Cliath.

7. D'fhreastal an Stiúrthóir ar comhdháil lá amháin de chuid Cumann Ríoga Liacht fhóiréinseach agus Liacht dhlíthiúil an 16 Meitheamh 2007 i Londain, Sasana.

9. D'fhreastal Ceannanailísí, Príomhanailísí agus Anailísí ar chruinniú maidir le Fianaise Fóiréinseach sa Phróiseas Coiriúil i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath ar feadh tráthnóna amháin ar an 20 Meitheamh 2007.

10. D'fhreastal an Stiúrthóir ar chomhdháil trí lá ar an Acadamh Idirnáisiúnta ar Lia Dlíthiúil/Eolaíocht Fhóiréinseach in Oporto, ón 20 go dtí 23 Meitheamh 2007.

11. D'fhreastal Anailísí ar Chúrsa Oiliúna dhá lá d'Iniúchóirí Inmheánacha NSAI ISO 9001:2000 ar an 3ú agus 4ú Iúil 2007 in NSAI Glas Naíon, Baile Átha Cliath.

12. D'fhreastal an tOifigeach Sinsearach Riaracháin ar chúrsa leathlae maidir le rudaí gnó a tionóladh i UCD an 13th Lúnasa 2007.

13. D'fhreastal an Stiúrthóir agus an Ceann Anailísí ar chomhdháil 5 lá T2007/TIAFT ón 26 go dtí 30 Lúnasa 2007 i Seattle, Washington, SAM.

14. Thosaigh anailísí ar chúrsa leanúnach MSC Eolaíocht Fhóiréinseach i Meán Fómhair 2007 i gCianfhoghlaim i Staffordshire University.

15. Thosaigh anailísí dioplóma iarchéime páirtaimseartha i Lia Fóiréinseach ar feadh bliain amháin ar 7 Meán Fómhair 2007 in UCD, Belfield, Baile Átha Cliath.

16. D'fhreastal Príomhanailísí ar cheardlann lae INAB ar 11 Meán Fómhair 2007 i bPlás Wilton, Baile Átha Cliath.

17. Thug Príomhanailísí agus an Anailísí cuairt ar Shaotharlann Tocsaineolaíochta LGC Runcorn ar feadh lá amháin ar an 18 Meán Fómhair 2007 in LGC, The Heath. Runcorn, Cheshire, Sasana.

18. D'fhreastal Anailísí ar chúrsa GDIP/MSC in Anailís Ionstraime ar feadh 12 seachtain ón 26 Meán Fómhair go dtí 13 Nollaig 2007 i DCU, Baile Átha Cliath.

19. D'fhreastal Anailísí ar chruinniú lae ar Líonra Ceimice ar 27 Meán Fómhair 2007 sa Saotharlann Stáit, Bacastún, Co. Chill Dara.

20. D'fhreastal Príomhanailísí ar chúrsa chruinnithe bliantiúl Chumann Tocsaineolaí Fóiréinseach ar feadh cúig lá ón 15 go dtí an 19 Deireadh Fómhair 2007 i Raleigh/Durham, North Carolina, SAM.

21. D'fhreastal Príomhanailísí ar chruinniú Ghrúpa Usáideora Lion ar feadh dhá lá ar 18 agus 19 Deireadh Fómhair 2007 san Óstán Imperial, Blackpool, Sasana.

22. D'fhreastal an Stiúrthóir ar chomhdháil lae de chuid an Chumainn Ríoga ar Liacht Thráchta ar an 20 Deireadh Fómhair 2007 i Londain, Sasana.

23. D'fhreastal Príomh Anailísí ar chúrsa oiliúna d'Iniúchóirí Inmheánacha ISO 9001 ar feadh dhá lá ar an 6 agus 7 Samhain 2007 in NSAI, Glas Naíon, Baile Átha Cliath.

24. D'fhreastal 4 Anailísí agus 3 Cúntóir Feidhmiúcháin ar chúrsa lae ar Scileanna Seomra Cúirte ar 12 Samhain 2007 in UCD, Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath.

25. Thug Príomh Anailísí cuairt ar an Roinn Géineolaíochta agus Saotharlann Thocsaineolaíochta Fhóiréinseach ar feadh lá amháin ar an 13 Nollaig 2007 i mBord Náisiúnta Liachta Fóiréinseach in Artillergatan 12, Unkoping, an tSualainn

26. Thug Príomh Anailísí cuairt ar Shaotharlann Tocsaineolaíochta Shaotharlann Stáit na hÉireann ar feadh leath lae ar an 18 Nollaig 2007 i gCrois an tSiúnaigh, Cill Droichid, Co. Chill Dara.

## CEAPACHÁN FOIRNE IN 2007

Ceapadh triúr Cúntóir Feidhmiúcháin lánaimseartha sa réimse riaracháin in 2007. Is é feidhm na bpost seo ná cabhair a thabhairt d'fheidhmeanna Chláir an Bhiúró.

Sa réimse eolaíochta fostaíodh príomh anailísí amháin agus triúr anailísí lánaimseartha in 2007. Fostaíodh an príomh anailísí chun theacht i gceannas ar Chlár Tocsaineolaíochta An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá Bord an An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre tiomanta do na caighdeáin is airde Corporate Governance a chothabháil. Is é an Cód Cleachtais do Rialachas Chomhlachtaí Stáit foilsithe ag an Roinn Airgeadais a úsáideann an Bord mar bhonn do Rialachas Corparáideach. Tá an Bord freagrach don Roinn Iompair agus an Roinn Airgeadais. Casann an Bord le chéile go rialta agus tá sé freagrach as an Biúró a bhainistiú go cuí. Déanann sé cinntí straitéiseacha agus athbhreithnithe ar straitéis bainistíochta riosca agus próisis rialaithe an Bhiúró ar bhonn bhliantúil.

### 1. Comhlíonadh

Tá áthas ar an mBord a thuairisciú gur chomhlíon an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2007 le forálacha cuí Cód Cleachtais maidir le Rialú Comhlachtaí Stáit. Déanamh iniúchadh inmheánach sa Bhiúró i rith 2007.

### 2. Comhaltas agus Cruinnithe an Bhiúró

I rith 2007 thionól An Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre ceithre chruinniú. Tionóladh na cruinnithe sin ar 5 Aibreán 2007, 19 Iúil 2007, 11 Deireadh Fómhair 2007 agus 13 Nollaig 2007.

### 3. Leasanna an Bhoird

Ní raibh aon leasanna ag an mBord a tionóladh an 31 Nollaig 2007 d'Achtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001.

### 4. Coiste Iniúchadh

Athbhreithníonn an Coiste Iniúchadh aon ábhar a bhaineann le cúrsaí airgid an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre. Oibríonn an coiste faoi théarmaí ábhartha foirmeálta agus chas siad le chéile faoi dhó in 2007. Freastlaíonn comhaltaí an Choiste ar na cruinnithe de ghnáth agus tuairiscíonn don Bhord faoi dhó sa bhliain.

### 5. Soláthar

Deimhníonn Bord an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre gur chomhlíon sé le nósanna imeachta soláthair agus le Rialacháin ábhartha an AE mar atá leagtha amach i gCód Cleachtais maidir le Rialú na gComhlachtaí Stáit

## AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS 1997

Tháinig an an tAcht um Íoc Pras Cuntas i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998. Tagann an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre faoi chúram an Achta agus comhlíonann sé leis téarmaí faoin Acht sin. I gcomhaontú le UCD íocann an Coláiste na soláthróirí ar dtús agus ansin faigheann sé an t-airgead ar ar ais ón mBiúró. Is é polasaí an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc in am.
Tá sé de dhualgas ar UCD, mar chomhlacht san earnáil phoiblí, requirements an Achta a chomhlíonadh maidir le íocaíocht chuig soláthróirí d'earraí nó seirbhísí a sholáthar agus tá nósanna imeachta dochta i bhfeidhm dá bharr sin.

I gcás líon bheag de na soláthróirí, nuair a fhaigheann an Biúró sonrasc, eisíonn sé íocaíocht i bhfoirm seic díreach chuig an soláthróir. Tugann na rialacháin seo maidir le próiseáil sonrasc agus díospóidí deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a thabhairt maidir le neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta.

## SAORÁIL FÁISNÉISE

Leanann an Biúró ag soláthar eolais FOI chomh héasca agus is féidir.
Tá Leabhar Tagartha ar Chuid 15 agus 16 An Bhiúró ar fáil ach é a iarraidh.

Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Aonad FOI ar theileafón nó ríomhphost a sheoladh chuig fóiréinseach.medicine@ucd.ie. Is féidir an seoladh ríomhphoist seo a úsáid chun ceisteanna ginearálta ar an FOI a chur ach ní féidir é a úsáid chun iarratas a chur isteach sa áit go dteastaíonn táille iarratais.

I rith 2007 fuair an Biúró líon iomlán d'iarratas amháin agus déaláileadh leis laismuigh den FOI.

## ATHLONNÚ
## AN LIA-BHIÚRÓ UM SHÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

I rith 2007 athlonnaíodh an Lia-Bhiúró um Shábháilteacht ar Bhóithre go dtí áitreabh nua san Ionad nEolaíochtaí Sláinte in UCD, Campas Belfield.

Cathaoirleach

Stiúrthóir

Dáta: 4 Nollaig 2008.